**RABHADH**

**CAITHFEAR an Ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an Scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo ⇒**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2007

**DÉ CÉADAOIN, 20 MEITHEAMH 2007, MAIDIN 9.30-12.00**

# EACNAMAÍOCHT - GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 Marc)**

Freagair **sé** cheist as Roinn A agus **ceithre** cheist as Roinn B. Tabharfar creidiúint ar fhreagairt shoiléir ghonta agus ar ord slachtmhar an ábhair.

## ROINN A (100 marc)

Freagair **sé** cinn de na **naoi** gceist le freagraí gearra sna spásanna atá ann dóibh.

## ROINN B (300 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
**Ná** scríobh freagraí Roinn B ar an gceistpháipéar seo.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (75 marc).
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.

**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA F(H)REAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA I ROINN B A FHREAGAIRT.**

# ROINN A (100 Marc)

Freagair **sé** cinn de na **naoi** gceist le freagraí gearra sna spásanna atá ann díobh.

**1.** Cad dó a seasann na ceannlitreacha seo a leanas?

(i) **OTN** (**GNP** *i mBéarla*) ________________ ________________ ________________

(ii) **ETD** (**WTO** *i mBéarla*) ________________ ________________ ________________

(16 mharc)

**2.** Ceann amháin de na bacainní féideartha ar dhul isteach i margadh **Monaplachta** is ea **'Rialachán Rialtais'.**
Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi agus léirigh do fhreagra le sampla **AMHÁIN**.

**Míniú:** ________________________________________________

________________________________________________

**Sampla:** ________________________________________________

(16 mharc)

**3.** (i) Deirtear go mbíonn earra eacnamaíoch **inaistrithe.**

Cuir tic (✓) leis an ráiteas thíos, a mhíníonn i gceart an téarma a bhfuil líne faoi:

(a) Caithfear bheith ábalta an t-earra a iompar ó áit amháin go háit eile. ☐

(b) Caithfear bheith ábalta an t-earra a chur ó dhuine amháin go duine eile. ☐

(ii) Luaigh sampla **AMHÁIN** d'earra **NACH** bhfuil inaistrithe: ________________________

(16 mharc)

**4.** Comhlánaigh na ráitis seo a leanas:

Déantar an toisc tháirgeachta, fiontraíocht, a shainmhíniú mar an toisc sin a ________________ na tosca eile ina n-aonad táirgeachta. Tugann sé faoin ________________ a bhíonn i gceist agus gnó á rith. Is é a ghlaoitear ar an gcúiteamh / íocaíocht a bhíonn ar an bhfiontraíocht ná ________________.

(16 mharc)

**5.** Mínigh cad is brí leis an téarma **'boilsciú praghsanna'**.

________________________________________________

________________________________________________

(16 mharc)

**6.** Tugtar duit: **Ioncam Náisiúnta mar Y = C + I + G + X – M.**
Y = €1,000m; I = €200m; G = €300m; X = €250m agus M = €100m.
Bain úsáid as na figiúirí thuas agus ríomh leibhéal an **tomhaltais** (C). Taispeáin do chuid oibre go léir.

| OBAIR | FREAGRA |
|---|---|
| | € ______________ |

(17 marc)

**7.** In Éirinn, tairgeann a lán banc seirbhísí baincéireachta ar an idirlíon. Luaigh buntáiste eacnamaíochta **AMHÁIN** atá san fhorbairt seo do **chustaiméirí** an bhainc agus luaigh buntáiste eacnamaíochta **AMHÁIN** don **bhanc.**

**CUSTAIMÉIRÍ: Buntáiste eacnamaíochta:** ______________________________

______________________________________________

**BANC: Buntáiste eacnamaíochta:** ______________________________

______________________________________________

(17 marc)

**8.** (i) Comhlánaigh an abairt seo a leanas:

Tomhaiseann **Praghasleaisteachas an Éilimh** (PED *i mBéarla*) an t-athrú céatadáin ar

______________ ______________ ar earra, de bharr athrú céatadáin ar

______________ an earra féin.

(ii) 'Rud **diúltach** é praghasleaisteachas an éilimh ar earra normálta'. Mínigh an ráiteas sin.

______________________________________________

(17 marc)

**9.** Maidir leis na tuairimí eacnamaíochta sa liosta thíos, déan an tuairim a mheaitseáil leis an eacnamaí a bhfuil baint aige léi.

| **Tuairim Eacnamaíochta** | | **Eacnamaí** | |
|---|---|---|---|
| **A.** | **Teoiric faoin Daonra agus faoi Sholáthar an Bhia** | **1.** | **Adam Smith** |
| **B.** | **Prionsabail an Chánachais** | **2.** | **David Ricardo** |
| **C.** | **Éifeacht an Iolraitheora** | **3.** | **Thomas Malthus** |
| **D.** | **Dlí an Bhuntáiste Chomparáidigh** | **4.** | **John Maynard Keynes** |

| **Tuairim Eacnamaíochta** | **A** | **B** | **C** | **D** |
|---|---|---|---|---|
| **Eacnamaí** | | | | |


(17 marc)

***Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na f(h)reagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn B a fhreagairt.***

## ROINN B (300 Marc)

Freagair **Ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
**Ná** scríobh freagraí Roinn B ar an gceistpháipéar seo.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (75 marc).
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.

**1**. Taispeánann an léaráid thíos cothromaíocht fhadtréimhseach gnólachta atá in **Iomaíocht Fhoirfe.**




(a) (i) Déan cóip den léaráid i do fhreagarleabhar. Cuir lipéadaigh soiléir ar gach ceann de na línte 1 go 4.

(ii) Tarlaíonn cothromaíocht ag an b**pointe E** ar an léaráid.
Taispeáin ar do léaráid:

- an t-aschur a tháirgfidh an gnólacht i gcothromaíocht (úsáid lipéad $Q_1$)
- an praghas a ghearrfar ar an aschur seo (úsáid lipéad $P_1$)
- meánchostas táirgeachta an aschuir seo (úsáid lipéad $C_1$)

(iii) An cur síos a dhéantar ar Iomaíocht Fhoirfe ná go bhfuil sé éifeachtúil.
Mínigh an bhrí atá leis an abairt seo. Is féidir leat tagairt a dhéanamh do do léaráid i do mhíniúchán.

(30 marc)

(b) (i) Luaigh **TRÍ** thréith / bhonn tuisceana den Iomaíocht Fhoirfe.
(ii) Scríobh nótaí gearra ar gach ceann díobh sin.

(25 marc)


(c) Rinne an Rialtas comhlacht stáit a **phríobháidiú** le déanaí**.**

(i) Cad is brí leis an téarma **'príobháidiú'**?
(ii) Ainmnigh an comhlacht a ndearna an rialtas príobháidiú air le déanaí.
(iii) Luaigh agus mínigh slí **AMHÁIN** a gcuirfeadh an príobháidiú isteach **ar gach ceann** díobh seo a leanas:

- tomhaltóirí na seirbhíse;
- fostaithe an chomhlachta phríobháidithe.

(20 marc)
**[75 marc]**

**2.** (a) Sa léaráid thíos taispeántar an soláthar agus an t-éileamh ar iPodanna in Éirinn.





(i) Déan cóip den léaráid i do fhreagarleabhar. Cuir lipéad soiléir ar gach ceann de na línte 1 go 3.

(ii) Taispeáin ar do léaráid:

- praghas cothromaíochta (úsáid lipéad $P_1$)
- cainníocht chothromaíochta (úsáid lipéad $Q_1$)

(20 marc)

(b) Cuir i gcás go n-aistríonn cuar an éilimh do iPodanna ar dheis, mar a thaispeántar thíos.




Déan cóip den léaráid i do fhreagarleabhar.

(i) Luaigh agus mínigh **DHÁ** chúis fhéideartha a bhfuil cuar an éilimh aistrithe ar dheis.

(ii) Taispeáin ar do léaráid:

- an praghas cothromaíochta nua (úsáid lipéad $P_2$)
- an chainníocht chothromaíochta nua (úsáid lipéad $Q_2$)

(iii) Luaigh earra comhlántach **AMHÁIN** leis na hiPodanna agus mínigh an iarmhairt a bheidh **ar an éileamh ar an earra comhlántach seo** má leanann an t-éileamh ar iPodanna air ag méadú.

(25 marc)

(c) Le blianta beaga anuas tá méadú tagtha ar an éileamh ar laethanta saoire thar lear ó shaoránaigh na hÉireann.

(i) Luaigh agus mínigh **DHÁ** chúis fhéideartha leis an bhforbairt seo.

(ii) Luaigh agus mínigh **TRÍ** bheart a d'fhéadfadh Tionscal Turasóireachta na hÉireann a dhéanamh chun daoine a spreagadh le saoire a chaitheamh in Éirinn.

(30 marc)

**[75 marc]**

**3.** (a) Íocann táirgeoir troscáin cíos €5,000 chun áitreabh a úsáid. Íocann an táirgeoir pá €50,000 lena chuid oibrithe gach mí freisin. I measc na gcostas eile tá bille adhmaid ar €35,000, agus aisíocaíocht iasachta mhíosúil €10,000 ar airgeadas a fuair sé chun trealamh a cheannach.

(i) Sainmhínigh na téarmaí: **costais sheasta** agus **costais athraitheacha**.
(ii) Luaigh cé acu an samplaí de chostais sheasta nó de chostais athraitheacha gach ceann de na ceithre íocaíocht a bhfuil líne fúthu thuas.
(iii) Má fhaigheann an táirgeoir seo €120,000 nuair a dhíoltar an troscán a tháirgtear, ríomh an **brabús** a dhéanann sé. Taispeáin do chuid oibre. (30 marc)

(b) Tá ról tábhachtach ag fiontraithe sa gheilleagar.

(i) Luaigh agus mínigh **DHÁ** chúis a bhfuil fiontraithe tábhachtach i ngeilleagar na hÉireann.
(ii) Luaigh agus mínigh **DHÁ** shlí a bhféadfadh rialtas na hÉireann níos mó daoine a spreagadh chun bheith ina bhfiontraithe. (20 marc)

(c) Fostaíonn na fiontraithe lucht saothair chun cabhrú leo sa phróiseas táirgeachta.

(i) Sainmhínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(ii) Luaigh agus mínigh **DHÁ** chúis a bhfostódh fiontraí oibrithe breise.
(iii) Tabhair breac-chuntas ar chúis **AMHÁIN** a bhfaigheann na hoibrithe a chaitheann na tréimhsí is faide faoi oiliúint, rátaí pá níos airde de ghnáth. (25 marc)

**[75 marc]**

**4.** (a) (i) Sainmhínigh na téarmaí: **airgead** agus **dlíthairiscint.**

(ii) Luaigh an **DÁ** ní ón liosta thíos **atá** ina ndlíthairiscint.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **SEICEANNA** | **NÓTA €50** | **BONN €1** | **CÁRTAÍ CREIDMHEASA** |

**Nóta:** Ná luaigh níos mó ná dhá ní ón liosta.

(20 marc)

(b) Tá an **BCE** (ECB *i mBéarla*) ag méadú na rátaí úis i limistéar an euro le tamall anuas.

(i) Cad dó a seasann na ceannlitreacha **BCE** (ECB *i mBéarla)*?
(ii) Luaigh agus mínigh conas a d'fhéadfadh méadú ar rátaí úis cur isteach ar gach ceann díobh seo a leanas:
- Teaghlaigh aonair;
- Gnólachtaí;
- An geilleagar. (25 marc)

(c) Le roinnt blianta anuas, bhí daoine ag coigilt airgid sna Cuntais Speisialta Dreasachta Coigiltis (SSIAs *i mBéarla*). Anois tá teacht acu ar an g**coigilteas** seo agus tá siad á úsáid le haghaidh cuspóirí éagsúla.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(ii) Luaigh agus mínigh **DHÁ** bhuntáiste eacnamaíochta atá leis an sruth airgid breise seo a bheith i ngeilleagar na hÉireann.
(iii) Luaigh agus mínigh **DHÁ** mhíbhuntáiste eacnamaíochta atá leis an sruth airgid breise seo a bheith i ngeilleagar na hÉireann. (30 marc)

**[75 marc]**

**5.** (a) (i) Idirdhealaigh idir **barrachas i gComhardú na Trádála** agus **easnamh i gComhardú na Trádála**.

Sa tábla thíos taispeántar onnmhairí agus allmhairí na hÉireann le tíortha / réigiúin eile.

| | **Tíortha / Réigiúin** | **Onnmhairí Sofheicthe € milliún** | **Allmhairí Sofheicthe € milliún** | **Comhardú na Trádála € milliún** | **Barrachas *nó* Easnamh** |
|---|---|---|---|---|---|
| **A** | **An Ríocht Aontaithe** | 15,500 | 18,000 | | |
| **B** | **Tíortha eile an AE** | 40,000 | 15,000 | | |
| **C** | **SAM (USA)** | 16,500 | 8,000 | | |
| **D** | **An chuid eile den Domhan** | 16,000 | 16,500 | ***-500*** | **Easnamh** |

(ii) Bain úsáid as an tábla páirt-chomhlánaithe thuas agus ríomh Comhardú Trádála na hÉireann le gach tír / réigiún (A, B, C thuas) agus luaigh cé acu barrachas nó easnamh atá ann i ngach cás.

(25 marc)

(b) (i) Luaigh agus mínigh **TRÍ** chúis a bhfuil **onnmhairí** tábhachtach i ngeilleagar na hÉireann.

(ii) Is sampla d'onnmhaire dhofheicthe in Éirinn iad an lucht leanúna gailf a thaistil go hÉirinn chun faire ar Chorn Ryder in 2006.
Luaigh **DHÁ** shampla eile d'**onnmhairí dofheicthe**.

(25 marc)

(c) Tugtar an t-eolas seo a leanas duit faoi ráta malairte an euro (€) le Dollar SAM ($).

**Bliain 1: €1 = $1.20**

**Bliain 2: €1 = $1.30**

(i) Luaigh cé acu atá luach an euro (€) imithe suas nó imithe síos i gcomparáid leis an dollar ($). Mínigh do fhreagra.

(ii) Luaigh agus mínigh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an athrú thuas ar **onnmhairí** na hÉireann go dtí SAM agus ar **allmhairí** na hÉireann ó SAM.

(25 marc)

**[75 marc]**

**6.** (a) I 2006 rinne an **POS** (CSO *i mBéarla*) daonra na hÉireann a chomhaireamh.

(i) Cad dó a seasann na ceannlitreacha **POS** (CSO *i mBéarla*)?
(ii) Cad é an téarma oifigiúil a chuireann síos ar chomhaireamh daonra?
(iii) Mínigh úsáid **AMHÁIN** a d'fhéadfadh **gach** ceann díobh seo a leanas a bhaint as an eolas ar an daonra:

- Rialtas na hÉireann;
- Gnólachtaí.

(25 marc)

(b) Tá sé ráite ag an POS go bhfuil daonra na hÉireann méadaithe le blianta beaga anuas.

(i) Luaigh agus mínigh **DHÁ** thoisc ba chúis leis an bhforbairt seo.
(ii) Luaigh agus mínigh **DHÁ** iarmhairt eacnamaíochta do gheilleagar na hÉireann a thagann as an méadú daonra.

(25 marc)

(c) Tá ráta ard fáis sa daonra i dtíortha tearcfhorbartha.

(i) Luaigh agus mínigh **TRÍ** fhadhb eacnamaíochta eile atá ag cur as do na tíortha sin.
(ii) Luaigh agus mínigh **DHÁ** bheart a d'fhéadfadh na rialtais sa **domhan forbartha** a dhéanamh, chun cabhrú leis na tíortha tearcfhorbartha a gcuid fadhbanna a laghdú.

(25 marc)
**[75 marc]**

**7.** (a) I gcás **gach** ceann de na cineálacha cánach seo a leanas:

- cáin a ghearrtar ar earra nó ar sheirbhís;
- cáin ar bhrabús comhlachta;
- cáin ar phá fostaí.

(i) Ainmnigh **gach** cineál cánach díobh.
(ii) Luaigh cé acu atá gach cáin ina sampla de **cháin dhíreach** <u>nó</u> de **cháin indíreach**.

(25 marc)

(b) (i) Luaigh agus mínigh **DHÁ** chúis le cáin i ngeilleagar.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar chúis **AMHÁIN** a méadódh an tAire Airgeadais cánacha ar earraí mar alcól, peitreal agus tobac.
(iii) Thug an Rialtas isteach cáin ar mhalaí plaisteacha le blianta beaga anuas. Pléigh **DHÁ** bhuntáiste a bhaineann leis an gcáin seo i ngeilleagar na hÉireann.

(25 marc)

(c) Réitíonn Aire Airgeadais an Buiséad Reatha seo a leanas don bhliain 2006:

| Buiséad Reatha – 2006 | | | |
|---|---|---|---|
| Ioncam Reatha an Rialtais | €10,000m | Caiteachas Reatha an Rialtais | €9,500m |

(i) Ríomh an comhardú sa Bhuiséad Reatha don bhuiséad thuas agus luaigh cé acu **barrachas** <u>nó</u> **easnamh** atá ann. Taispeáin do chuid oibre.
(ii) Bhí an difríocht seo a leanas idir na figiúirí iarbhír do 2006 agus na figiúirí buiséadaithe:

- Bhí an t-ioncam reatha **5% níos ísle**
- Bhí an caiteachas reatha **10% níos airde**

Ríomh comhardú an Chuntais Reatha agus na hathruithe sin san áireamh.
Taispeáin do chuid oibre go léir.

(25 marc)
**[75 marc]**

**8.** (a) Tá an méadú i dtomhaltas na hola timpeall an domhain ina fhadhb i ngeilleagair an domhain.

(i) Luaigh agus mínigh **DHÁ** chúis eacnamaíochta a bhfuil tomhaltas na hola timpeall an domhain ag dul i méid.

(ii) Luaigh agus mínigh conas a d'fhéadfadh **GACH** ceann díobh seo a leanas cabhrú chun an fhadhb seo a laghdú:

- Tomhaltóirí;
- Gnólachtaí;
- Rialtas na hÉireann.

(25 marc)

(b) Tá Rialtas na hÉireann ag infheistiú go trom i m**<u>bonneagar</u>** na tíre.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

(ii) Luaigh agus mínigh **DHÁ** chúis a bhfuil feabhsuithe ar bhonneagar tábhachtach do gheilleagar na hÉireann.

(iii) Tabhair breac-chuntas ar **DHÁ** limistéar bonneagair a bhfuil infheistíocht bhreise riachtanach iontu, dar leat, **agus** mínigh na cúiseanna le do roghanna.

(25 marc)

(c) Tá cinneadh déanta ag Rialtas na hÉireann córas iompair Metro a thógáil chun lár Chathair Bhaile Átha Cliath a cheangal le hAerfort Bhaile Átha Cliath.

(i) Luaigh agus mínigh **DHÁ** bhuntáiste fhéideartha a bhainfeadh leis an bhforbairt seo do gheilleagar na hÉireann.

(ii) Luaigh agus mínigh **DHÁ** mhíbhuntáiste fhéideartha a bhainfeadh leis an bhforbairt seo do gheilleagar na hÉireann.

(25 marc)

**[75 marc]**

***Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na f(h)reagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn B a fhreagairt.***

Leathanach Bán

**Leathanach Bán**

# Leathanach Bán